# TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

JCt4 Nuachtlitir

## Fáilte

Fáilte go dtí an seachtú heagrán de Nuachtlitir Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4. Tá súil againn go bhfuil tú féin agus do mhuintir uile go maith agus sibh ag fail na nuachtlitreach seo. Agus an bhliain ag dul thart, leanfaidh foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4 ar aghaidh ag soláthar tacaí FGL do mhúinteoirí. Is féidir teacht ar thacaí FGL na bliana seo caite anseo


## Nuashonruithe ar Mheasúnú Rangbhunaithe




Rinne an CNCM athbhreithniú le déanaí ar a dTreoirlínte do Mheasúnuithe Rangbhunaithe na Teicneolaíochta Feidhmí. Rinneadh athbhreithnithe maidir leis na gnéithe cáilíochta do MRB 1: Iniúchadh ar chur i bhfeidhm na gcóras rialaithe i gcomhthéacs áitiúil agus tá níos mó soiléireachta tugtha i leith na réimsí gníomhaíochta do MRB 2: Féinanailís agus meastóireacht scoláirí. Tabharfaidh na hathruithe sin cabhair níos mó do mhúinteoirí agus a gcuid scoláirí ag tabhairt faoin dá MRB sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun na treoirlínte athbhreithnithe a fheiceáil, cliceáil anseo

Lena chois sin, tá samplaí de shaothar scoláirí a bhaineann le MRB 1 ar fáil anois ar shuíomh gréasáin an CNCM. Cabhróidh na samplaí seo le múinteoirí i dtaca lena dtuiscint ar an leibhéal oibre atá riachtanach ó scoláirí chun gné áirithe de cháilíocht a ghnóthú. Chun breathnú ar na samplaí seo de shaothar scoláirí, cliceáil

## Acmhainn Fréamhshamhaltaithe Rialaithe




Cliceáil anseo chun féachaint ar an bhfíseán

Rachaidh múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí i mbun a gceardlainne FGL ar líne 2020 / 2021 sna seachtainí amach romhainn. Mar fhreagra ar aiseolas ó mhúinteoirí, d'fhorbair foireann na Teicneolaíochta Feidhmí Acmhainn Teagaisc agus Foghlama Fréamhshamhaltaithe Rialaithe a mbeidh na múinteoir ag plé léi le linn a gceardlainne FGL ar líne. Is féidir an acmhainn seo a úsáid chun coincheapa agus prionsabail leictrimheicniúla a léiriú ar bhealach praiticiúil. Cabhraíonn sé freisin le scoláirí réitigh rialaithe leictrimheicniúla a fhréamhshamhaltú mar fhreagra ar dhúshlán dearaidh níos leithne. **Cinntigh go bhfuil do scoil cláraithe agat chun freastal ar an gceardlann seo.** Eiseofar sonraí faoin gcaoi chun múinteoirí a chlárú do na ceardlanna FGL ar líne seo do scoileanna in am trátha. Beidh an acmhainn seo agus ábhair eile ón gceardlann do Theicneolaíocht Fheidhmeach 2020 / 2021 ar fáil ar an láithreán gréasáin againn.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus chun na hábhair seo a fheiceáil, cliceáil anseo

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## 2020/2021 FGL Theicneolaíocht Fheidhmeach

Cuirfear ceardlann FGL Theicneolaíocht Fheidhmeach ar líne a mhairfidh ar feadh lá iomlán i bhfeidhm ar fud na tíre i rith an téarma seo. Craolfar é seo trí ZOOM agus áireofar leis gníomhaíochtaí tarraingteacha agus nuashonruithe ábhartha do mhúinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí. Cinntigh go bhfuil do scoil cláraithe agat chun freastal ar an gceardlann seo. Is féidir le do Phríomhoide do fhreastal a chlárú ar líne ag www.jctregistration.ie Tá gnáthchlúdach ionadaíochta ann do mhúinteoirí a fhreastalaíonn ar an FGL.


## Teagasc agus foghlaim, tacaí don seomra ranga

An bhfuil acmhainní úsáideacha á lorg agat don Teicneolaíocht Fheidhmeach? Cliceáil anseo chun rochtain a fháil ar roinnt tacaí teagaisc agus foghlama agus tacaí eile don seomra ranga lena n-áirítear:

- Acmhainní don seomra ranga ina bhfuil scaradh sóisialta
- Acmhainn teagaisc agus foghlama chun scileanna an scoláire a fhorbairt chun réitigh leictreonacha agus rialaithe a chur in iúl. Cliceáil anseo

## Teicneolaíocht Fheidhmeach - 'Mo Phleanálaí Tionscadail'

D'fhorbair foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4 'Mo Phleanálaí Tionscadail', chun cabhrú le scoláirí agus iad ag pleanáil dul i ngleic le hobair thionscadail sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Cabhróidh an acmhainn seo go háirithe le scoláirí chun am, ábhair agus comhpháirteanna agus costálacha a bhainistiú. Cliceáil ar an íomhá chun teacht ar an acmhainn seo ar www.jct.ie.




Mo Phleanálaí Tionscadail

## Scéalta nuachta

## Taispeántas Eolaí Óga buaite ag scoláire ó Chorcaigh



Ainmníodh scoláire 17 mbliana d'aois ó Scoil Ghramadaí Dhroichead na Bandan i gCorcaigh ina bhuaiteoir ar an 57ú Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT.
Bhí tionscadal Gregory Tarr dar teideal 'Ag úsáid intleacht shaorga chun domhainbhrionnuithe úrscothacha a bhrath. Anailís chuimsitheach ar mhodheolaíochtaí braite agus feabhsuithe sa réimse'.
Chuaigh sé i bhfeidhm ar na breithiúna lena thionscadal ag baint úsáid as clár bogearraí faisnéise saorga sofaisticiúil ar féidir leis meáin domhainbhrionnaithe a bhrath go héifeachtach le cruinneas úrscothach. Sháraigh na bogearraí, ina bhfuil os cionn 150,000 líne de chód, trína gcuid feabhsuithe suntasacha i gcúrsaí luais agus éifeachtúlachta ar an tsamhail is fearr atá i gcúrsaíocht faoi láthair gan géilleadh ar a chumas an leagan brionnaithe a bhrath go cruinn.
Dúirt Gregory go bhfuil a chlár deich n-uaire níos tapúla ná na samhlacha is fearr atá ar an margadh faoi láthair. D'fhéadfaí feidhm a bhaint as an uirlis seo ar mhórscála chun na meáin domhainbhrionnaithe a scagadh, rud a d'fhágfadh go mbeadh an t-idirlíon níos sábháilte dá bharr.

Le haghaidh tuilleadh eolais, cliceáil anseo: (https://www.rte.ie/news/2021/0108/1188535-young-scientist/) Trí úsáid a bhaint as an mír nuachta seo mar spreagadh plé, d'fhéadfadh scoláirí tabhairt faoin bhfoghlaim fhéideartha laistigh de thorthaí foghlama: 1.6, 1.7, 3.2, 3.7, 3.8.

## Fan suas chun dáta leis an bhfoireann Theicneolaíochta Fheidhmeach

Bí ar ár liosta seoltaí anseo chun fanacht ar an eolas faoi gach ceann de na hábhair JCt4. Lean muid ar twitter @JCt4ed


Mar fhocal scoir, guíonn foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4 gach rath ort don chuid eile den dara téarma. Táimid ag tnúth le cabhrú leat i rith na bliana. Idir an dá linn, fan sábháilte agus tabhair aire duit féin agus do do chuid scoláirí.
*Le dea-mhéin*
***Foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4***

## Tacaí Teicneolaíochta Dhigiteach

An bhfuil tú ag lorg acmhainní digiteacha úsáideacha sa Teicneolaíocht Fheidhmeach?

Tugann na hacmhainní atá le fáil san alt seo breac-chuntas ar straitéisí foghlama digiteacha agus ar acmhainní digiteacha a d'fhéadfaí a úsáid sa seomra ranga Theicneolaíocht Fheidhmeach. Click here

## Póstaer 'Mo Thuras Foghlama'




D'fhorbair foireann JCt4 sraith póstaer do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta. Leagtar amach san acmhainn seo na príomhócáidí foghlama agus measúnaithe a bhíonn ag scoláirí sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Agus í scríofa i dteanga atá sothuigthe ag scoláirí, cabhróidh an acmhainn seo le scoláirí tuiscint a fháil ar a dturas foghlama i rith an chéad, an dara agus an tríú bliain. Tá an acmhainn seo le fáil faoi Thacaí Teagaisc agus Foghlama an tSeomra Ranga, sa rannán Acmhainní dár láithreán gréasáin, cliceáil anseo.

Tá an acmhainn seo le fáil freisin sa rannán Measúnaithe ar ár láithreán gréasáin, cliceáil anseo.